C/2025/1048

14.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1048)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Mallorca'

PGI-ES-A0960-AM03

Dáta na teachtaireachta: 18.11.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Laghdú ar an teorainn aigéadachta iomláine

Tuairisc:

Laghdaíodh an aigéadacht iomlán íosta ó 4.5 g/l go 3.5 g/l d'aigéad tartarach le haghaidh gach catagóire fíona ag a bhfuil an TGFC seo.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den Doiciméad Aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach mbaineann sé le haon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Is é an t-athrú aeráide an chúis is mó leis an leasú seo.

De réir staidéar a rinne Ollscoil na nOileán Bailéarach, tháinig méadú ar theochtaí le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor le 30 bliain anuas, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar aigéadacht iomlán na n-úrfhíonta.

Chun na ceanglais íosta aigéadachta a leagtar síos leis an tsonraíocht táirge a chomhlíonadh, ní mór an aigéadacht a cheartú trí aigéad tartarach a chur léi, ach méadaíonn sé sin an riosca éagobhsaíochta tartaraí agus lochtanna orgánaileipteacha neamh-inmhianaithe.

I gcodarsnacht leis sin, níl aon tionchar diúltach ar cháilíocht an fhíona ag laghdú na haigéadachta iomláine go 3.5 g/l d'aigéad tartarach.

2. An lógó a bhaint

Tuairisc:

Baineadh an lógó. Is éard atá i gceist leis sin na hathruithe seo a leanas ar an tsonraíocht táirge:

1. Scriosadh Roinn 8(d), ina dtagraítear d'úsáid roghnach lógó 'Vino de la Tierra' ar na lipéid fíona.

2. Scriosadh Iarscríbhinn I, ina bhfuil íomhá agus sonraíochtaí an lógó.

Ní dhéanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach mbaineann sé le haon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúiseanna:

Baineadh an lógó toisc go bhfuil a úsáid roghnach agus toisc go léiríonn torthaí dhá staidéar a rinne an Bord Rialála ar oibreoirí agus ar thomhaltóirí nach n-úsáideann 50 % d'oibreoirí an lógó agus nach bhfuil 46 % de thomhaltóirí eolach air. Dá bhrí sin, is iomchuí é a bhaint den tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Mallorca

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta soiléire a bhfuil dea-bholaithe láidre uathu atá tipiciúil de na cineálacha fíonchaoire tionscnaimh.

Dath idir buí éadrom agus órga orthu. Fíonta aramatacha, a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha den chuid is mó uathu; cothromaithe, láidir agus úr.

*I gcás fíonta a bhfuil méid siúcra ≤ 5 g/l (glúcós + fruchtós) iontu, is é ≤ 200 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair; má tá an méid siúcra > 5 g/l, is é ≤ 250 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair.

*I gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin, is é 14.33 mEq/l an aigéadacht luaineach uasta, ag méadú 1 mEq/l le haghaidh gach céime de neart alcóil níos mó ná 11 %.

*I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta soiléire a bhfuil dea-bholaithe láidre uathu atá tipiciúil de na cineálacha fíonchaor tionscnaimh.

Tá dath idir bándearg éadrom agus bándearg flannbhuí ar na fíonta rosé agus bíonn siad geal agus trédhearcach, agus dea-bholaithe príomha uathu den chuid is mó.

*I gcás fíonta a bhfuil cion siúcra ≤ 5 g/l (glúcós + fruchtós) iontu, is é ≤ 200 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair; má tá an cion siúcra > 5 g/l, is é ≤ 250 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair.

*I gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin, is é 14,33 mEq/l an aigéadacht luaineach uasta, ag méadú 1 mEq/l le haghaidh gach céime de neart alcóil níos mó ná 11 %.

*I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíon dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta soiléire a bhfuil dea-bholaithe láidre uathu atá tipiciúil de na cineálacha fíonchaor tionscnaimh.

Tá dath dian ar na fíonta dearga a bhfuil dea-bholadh cumhachtach agus tainniní saibhre uathu; tá torthaí dearga mar shaintréith ag an gcéim aramatach. Tá siad dea-chothromaithe agus tathagach sa bhéal.

*I gcás fíonta ina bhfuil méid siúcra ≤ 5 g/l (glúcós + fruchtós), is é ≤ 150 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair; má tá an méid siúcra > 5 g/l, is é ≤ 200 mg/l an cion dé-ocsaíde sulfair.

*I gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin, is é 14.33 mEq/l an aigéadacht luaineach uasta, ag méadú 1 mEq/l le haghaidh gach céime de neart alcóil níos mó ná 11 %.

*I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Is é 10 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh cineálacha geala agus 10,5 % le haghaidh cineálacha dearga.

Úsáidtear an brú iomchuí chun an t-úrfhíon a eastóscadh agus chun é a dheighilt ón marc, sa chaoi nach bhfaightear níos mó ná 74 lítear fíona ó gach 100 kg fíonchaora.

2.

Cleachtas saothraithe

Is é dlús plandaithe na bhfíonghort 5 500 fíniúin in aghaidh an heicteáir ar a mhéad.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor geal

11 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2.

81,4 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíonchaor dearg

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4.

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta, próiseála agus buidéalaithe oileán Mhallarca ina iomláine, i bPobal Féinrialaitheach na nOileán Bailéarach, an Spáinn.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET SAUVIGNON

CALLET

CHARDONNAY

FOGONEU

GIRÓ ROS

GORGOLLASSA

MACABEO – VIURA

MALVASIA AROMÁTICA

MANTO NEGRO

MERLOT

MOLL – PRENSAL

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA

PINOT NOIR

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

I gcaitheamh na mblianta, d'fháig an timpeallacht gheografach a lorg ar shaintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha sonracha fhíon Mhallarca TGFC. Tá fíon sainiúil a bhfuil ardmheas air mar thoradh ar an nasc leis an limistéar táirgeachta, agus chuir sé sin lena cháil.

Tá cáil ar fhíon Mhallarca TGFC mar gheall ar a thábhachtaí atá táirgeadh agus margaíocht fhíon an oileáin go stairiúil agus go dtí an lá atá inniu ann. Aithníodh cáilíocht an fhíona mar gheall ar shaintréithe orgánaileipteacha sainiúla an fhíona agus dá bhrí sin tá an cháil atá air dá thoradh.

Tá báisteach shamhraidh íseal, leibhéil arda gréine agus teochtaí arda ina gcúis le strus maidir le huisce, a mbíonn táirgeacht fíonchaor atá réasúnta íseal mar thoradh air, ach lena mbaineann acmhainneacht ard fíonóireachta. Tá suntas ar leith ag baint leis an gcion ard polaifeanóil agus an neart alcóil barrmhaith, as a n-eascraíonn dea-bholadh torthaíoch a bhaineann go sonrach leis na cineálacha a úsáidtear chun fíon Mhallarca a dhéanamh.

Is léir an idirghníomhaíocht idir an toisc dhaonna agus saintréithe fhíon Mhallarca TGFC sna cleachtais saothraithe agus i ndéanamh an fhíona araon, agus úsáidtear teicnící prúnála agus teicnící treoraithe fíniúnacha oiriúnacha chun táirgeacht iomchuí a choinneáil ar bun. Buantar na fíonchaora ag an am ceart chun an neart alcóil sonraithe agus na saintréithe ceimiceacha eile a fháil a thugann a saintréithe orgánaileipteacha sainiúla d'fhíon Mhallarca.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór uimhir rialaithe oifigiúil a eisíonn an comhlacht rialaithe a bheith ar gach pacáiste a bhfuil lipéad orthu ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Mallarca'.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní féidir fíon Mhallarca a chur ar an margadh ach amháin má rinneadh é a bhuidéalú san áit tionscnaimh, chun cáilíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint a choimirciú, inrianaitheacht a ráthú agus rialú a áirithiú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/es/vino_de_la_tierra_mallorca-675/